Admháil go bhfuarthas ilghearán maidir le sárú a líomhnaítear a rinne an Iodáil ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus ar chearta bunúsacha a bhaineann leis an staid éigeandála agus le bearta eile.
Uimhir thagartha: CHAP (2022)00121

Tá líon mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach faoin gcinneadh a rinne Rialtas na hIodáile staid éigeandála a fhógairt, cinneadh a líomhnaítear nach bhfuil bunús dlí cuí leis agus a líomhnaítear go mbaineann sé den Pharlaimint an saincheart atá aici, de shárú ar phrionsabal na dlíthiúlachta agus ar an smacht reachta (Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach). Ina theannta sin, ardaíonn na gearáin ceist an vacsaínithe éigeantaigh (i ndáil le Rialachán Uimh. 507/2006/CE) le haghaidh oibrithe a mbeadh a gceart chun oibre agus chun a dtuarastal a fháil bainte díobh de shárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe (Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 15 agus 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais).

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2022)00121. Más mian leat tuilleadh eolais a chur isteach maidir le do ghearán, is féidir leat an t-eolas sin a chur chuig na pointí teagmhála a liostaítear anseo. Is ceart an uimhir thagartha a luaitear thuas a chur san áireamh.

De bharr go bhfuair an Coimisiún lear mór gearán maidir leis an ábhar seo, sin agus d’fhonn freagairt go tapa agus na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas, agus fós i bhfianaise gur ábhar é seo atá tugtha i gceist ag na gearánaigh arbh fhéidir gur chun leasa sciar leathan den phobal é, tá an admháil fála seo á foilsiú ag an gCoimisiún ar an leathanach tiomnaithe den suíomh gréasáin Europa. Is ar an mbealach céanna a chuirfear na gearánaigh ar an eolas faoi thorthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin agus faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún an gearán a mheas i bhfianaise an dlí is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *EU law: Better Results through Better Application* [Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr][1].

Tabhair do d’aire, má chinneann an Coimisiún tús a chur le nós imeachta foirmiúil um shárú de bharr do ghearáin, is éard is aidhm don nós imeachta sin a chinntiú go bhfuil dlíthe na mBallstát i gcomhréir le dlí an Aontais agus go gcuirtear i bhfeidhm i gceart iad. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainiúil féin gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, cúiteamh san áireamh má tá sin dlite duit, ba cheart duit dul chun caingne ar an leibhéal náisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann. Gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní rud é a chuireann ar fionraí na teorainneacha ama maidir le caingean dlí a thionscnamh faoin dlí náisiúnta. Ina theannta sin, agus an Coimisiún ag feidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh sé cinneadh gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais.

Is é an réamhshocrú atá ann gur faoi rún a dhéileálfaidh seirbhísí an Choimisiúin le do ghearán. An cás ina roghnódh gearánach san fhoirm ghearáin nach faoi rún a dhéileálfaí lena chuid sonraí, sin é an t-aon chás amháin ina bhféadfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh maille le haon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d’údaráis an Bhallstáit a ndearnadh an gearán ina choinne. D’fhéadfadh sé a bheith fíor-riachtanach go nochtfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

Tá sainráiteas príobháideachais i bhfeidhm maidir le láimhseáil na ngearán.

[1] C(2016)8600